C/2025/2467

28.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11980 – PSPIB / CPPIB / CINTRA / 407)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2467)

1. An 15 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Public Sector Pension Investment Board ('PSPIB', Ceanada),

— Canada Pension Plan Investment Board ('CPPIB', Ceanada),

— Cintra 4352238 Investments Inc. ('Cintra', Ceanada), atá faoi rialú Ferrovial SE, ('Ferrovial Group', an Ísiltír),

— 407 International Inc. ('407', Ceanada) atá faoi rialú comhpháirteach CPPIB, Cintra agus AtkinsRéalis Group Inc. ('ATRL', Ceanada).

Gheobhaidh PSPIB, CPPIB agus Cintra rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar 407.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é PSPIB bainisteoir infheistíochta pinsin na bpleananna pinsin atá ag Seirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Póilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fórsa Cúltaca. Bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe, lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochtaí i gcothromas príobháideach, i réadmhaoin, i mbonneagar, in acmhainní nádúrtha agus i bhfiachas príobháideach,

— Is eagraíocht ghairmiúil bainistíochta infheistíochtaí é CPPIB, atá bunaithe i gCeanada. Infheistíonn CPPIB na cistí arna n-aistriú chuige ag Canada Pension Plan Fund nach bhfuil gá ag CPP Fund leo chun sochair reatha a íoc ar mhaithe le leas níos mó ná 22 mhilliún ranníocóir agus tairbhí,

— Is rannán gnó é Cintra laistigh de Ferrovial Group agus tugann sé faoi ghníomhaíochtaí i ndáil le forbairt agus bainistiú bóithre dola. Tá Cintra (atá bunaithe i gCeanada) i láthair i Meiriceá Thuaidh, Meiriceá Theas, an India, an Astráil, an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Tá Ferrovial Group bunaithe san Ísiltír agus is forbróir domhanda bonneagair iompair, réiteach soghluaisteachta agus innealtóireachta é agus tá sé rannpháirteach in oibreacha sibhialta agus foirgnimh a thógáil,

— Tá lamháltas ag 407 ar an 407 Express Toll Route in Ontario agus tá sé á oibriú aige.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11980 – PSPIB / CPPIB / CINTRA / 407

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË